



Dáta: 18/02/2020

Uimhir Chiorcláin: 0016/2020

Chuig: Chuig Boird Bhainistíochta, Príomhoidí agus Foirne Teagaisc in Iarbhunscoileanna agus i Scoileanna Speisialta agus chuig Príomhfheidhmeannaigh ar Bhoird Oideachais agus Oiliúna (BOOanna).

An Creat don tSraith Shóisearach – An Stair i scoileanna as Meán Fómhair 2020 amach

I bhfianaise chinneadh an Aire Oideachais agus Scileanna croí-stádas speisialta a thabhairt do Stair sa Creat don tSraith Shóisearach, leagtar amach sa chiorclán seo na socrúithe chun an cinneadh sin a chur i bhfeidhm sna scoileanna.

Ó thús scoilbhliain 2020/21 ceanglófar ar gach scoil Stair a thairiscint mar ábhar do scoláirí atá ag dul isteach sa chéad bhliain den tSraith Shóisearach agus ceanglófar ar na scoláirí uile staidéar a dhéanamh ar an ábhar. Leanfaidh na scoláirí sonraíocht Staire na Sraithe Sóisearaí a cheanglaíonn 200 uair an chloig d'am tráthchláir in imeacht trí bliana na Sraithe Sóisearaí agus a mheasúnaítear ar chomhleibhéal.

Is é toradh an chinnidh seo go gceanglófar ar scoláirí staidéar a dhéanamh ar cheithre cinn de chroí-ábhair le haghaidh na Sraithe Sóisearaí – Béarla, Gaeilge, Matamaitic agus Stair – agus suas le sé ábhar eile, nó líon níos lú má tá gearrchúrsaí ina measc. Áirítear ar an uasteorainn de dheich n-ábhar ábhair a dhéantar lasmuigh den scoil.

I gcás scoláirí a bhfuil deacrachtaí/riachtanais speisialta foghlama acu sa raon cumais ó íseal éadrom go hard measartha, iarrfar ar an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta gearrchúrsa Staire a chur i dtoll a chéile a bheidh ailínithe a bheag nó a mhór le Leibhéal 2 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí. Beidh an gearrchúrsa Leibhéal 2 seo ar fáil do scoláirí atá ag dul isteach sa chéad bhliain den tSraith Shóisearach i 2021/2022. Ba chóir do scoláirí atá ag freastal ar an gearrchúrsa seo a bheith ag leanúint Clár Foghlama Leibhéal 2 i dteannta comhphárteanna curaclaim eile, áit is cuí. Ní bheidh Stair éigeantach do scoláirí sa chatagóir seo a bheidh ag dul isteach sa chéad bhliain sa tSraith Shóisearach in 2020/21. Ní cheanglófar ar scoláirí atá sa raon cumais ó íseal measartha go dian-mhíchumas trom intleachta staidéar a dhéanamh ar Stair.

Féadfaidh scoil a bhfuil gannchion i múineadh na staire aici ag éirí as an gcinneadh seo cur isteach ar acmhainní breise mar thacaíocht ghearrthéarmach. Ba chóir an t-iarratas seo a dhéanamh tríd an ngnáthphróiseas lamháltais churaclaim agus beidh sé faoi réir na gcoinníollacha a rialaíonn an próiseas sin.

Cuirfidh seirbhís An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (SSM) clár cuimsitheach d'Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) i dtoll a chéile ina mbeidh áit do mhúinteoirí a bheidh ag múineadh an tsonraíocht nua Staire na Sraithe Sóisearaí den chéad uair.

Pléifear le haon athruithe eile is gá ar ar An Creat don tSraith Shóisearach agus ar dhoiciméid ghaolmhara ag éirí as an gcinneadh seo sa chiorclán ina leagtar amach na socrúithe chun an Creat a chur i bhfeidhm i scoilbhliain 2020/21.

Eamonn Moran

Príomhoifigeach

An tAonad um Beartas Curaclaim agus Measúnachta